

TÁILLIÚR, TALMHUIDHE, GRÉASUIDHE

(Ag Peadar Ó Domhnaill as an gCeathramha Rua)

Bhí cailín ann uair agus bhí sin aice teach agus giota deas talmhan agus neart eallach. Bhí triúr fear ag teacht ar cuairt aice – táilliúr, talmhuidhe, gréasuidhe. Badh é an táilliúr an chéad duine aca a thagadh gach oidhche, an gréasuidhe an dara duine agus n talmhuidhe ar deireadh. Ar feadh achair fhada bhíodar ag teacht gach oidhche, an táilliúr glan-bhearrtha sleamhain, slíochtha, deagh-éadamhail. An gréasuidhe go go glan, pointeáilte, nighte, cíortha, postamhail, leitheadach ar nós duine uasail; agus an talmhuidhe bocht go trom tuirseach, salach, brocach, taréis obair chruaidh na láighe, agus é go cuthal uaigneach freisin.

Níl oidhche ar bith nach mbeadh sgéal baramhail ag an táilliúr agus ag an ngréasuidhe agus iad a ag magadh agus ag caitheamh droch-mheas ar an talmhuidhe. Tháinigeadar oidhche agus labhair an cailín óg mar seo leofa:

“Tá sibh ag tigheacht annseo le achar fada” adeir sí, “agus beidh suipéar maith agam len bhur n-agaidh san oiche ‘máireach le congnamh Dé.”

Ar maidin lá ar na bháireach tar éis a mbricfeasta ghléas sí í féin suas le culaith thuatach éadaigh gan cuma ná caoi ar nós bean tinncéara, agus dheamhan duine beo dá raibh eolas aige uirthé a d’aithneochadh í. Shiubhail sí léithe chomh fada le teach an táilliúra agus mála ar a druim. Bhí táilliúr ag déanamh culaidh éadaigh, agus a mháthair a’ tabhairt fataí do na cearca.

“Bail ó Dhia oraibh” ar sí.

“Maise go mb’amhlaidh dhuit” adeir an táilliúr.

“Táim ag iarraidh déirce agus beathadh in onóir Dé agus Mhuire” adeir sí.

“Níl mórán againn le n-ár n-aghaidh féin, a bhean bhocht” adeir an táilliúr, “agus dheamhan greaim de sin atá le fágail agat-sa.”

“Tabhair dom písín den éadach sin le cur ar mo chóta mar sin” adeir sí, agus thug sé an písín éadaigh di.

D’imthigh léithe annsin agus níor stad sí go ndeachaidh sí chomh fada le teach an ghréasuidhe. Bhí an gréasuidhe a’ déanamh péire bróg roimpe.

“Bail ó Dhia oraibh” adeir sí.

“Go mb’amhlaidh dhuit” ars an gréasuidhe.

"Táim ag iarraidh déirce, beathadh in onóir Dé is Mhuire" adeir sí.

"Tá mo chuid beathadh gann go leor agam-sa me féin" adeir an gréasaidhe.

Tabhair dom písín den leathar mar sí le cur faoi mo bhróig" adeir sí.

Thug sé písín leathair di agus níor stad sí go go ndeachaidh sí chomh fada le teacha n talmhaidhe, agus bhí an talmhaidhe agus a mháthair ag ithe a ndinnéir roimpe.

"Bail ó Dhia oraibh" adeir sí.

"Go mb'amhlaidh dhuit a bhean bhocht" adeir an bheirt aca le chéile.

"Tá mé ag iarraidh déirce beathadh in onóir Dé agus Mhuire" adeir sí.

Tá sin le fághail agat agus míle fáilte" ar siad-san. Thugadar near aráin agus ime di agus chuireadar arán agus im abhaile léithe freisin.

Ní raibh fhios ag ceachtar den triúr gur fhág an bhean óg an teach no go dtáinigedar ar cuairt san oidhche.

"Bhuel anois" adeir an bhean óg, "Tá sé chomh maith dom suipéar maith a thabhairt dhíbh anocht."

Leag sí pláta agus an písín éadaigh ag an tailliúr, pláta agus an písín leathair ag an ngréasaidhe agus pláta aráin agus ime ag an talmhaidhe. Níor fhan focal ag an táilliúr ná ag an ngréasaidhe agus amach leofa de dhurta dharta agus iad lasta go bun na gcluas. Pósadh í féin agus an talmhaidhe aqua mhaireadar go suaimhneach sócúil in éinfheacht.